Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/578

18.3.2026

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/578 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Márta 2026**

**lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le halfaclóralós lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áiríodh alfaclóralós in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh an tsubstaint a bheith formheasta go dtí an 30 Meitheamh 2021 faoin Rialachán sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 24 Nollaig 2019, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le halfaclóralós lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 ('an t-iarratas').

(3) An 15 Deireadh Fómhair 2020, chuir údarás inniúil meastóireachta na Polainne an Coimisiún ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirtear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, tá sí le tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/333 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2023 dáta éaga an fhormheasa maidir le halfaclóralós lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 chun go mbeadh am leordhóthanach ann scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/333 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le halfaclóralós a úsáid i dtáirgí bithicíde de chineál táirge 14 (IO L 65, 25.2.2021, lch. 58; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/333/oj).

(7) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2378 ón gCoimisiún ([4]) cuireadh dáta éaga an fhormheasa ar atráth arís go dtí an 30 Meitheamh 2026 mar gheall ar an ngá atá ag an údarás inniúil meastóireachta measúnú a dhéanamh ar shonraí breise maidir le sonraíocht tagartha, carcanaigineacht, tocsaineacht atáirgthe, airíonna suaiteora inchríngh agus airíonna marthanacha-inbhithbhailithe-tocsaineacha na substainte gníomhaí.

(8) An 2 Deireadh Fómhair 2025, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an Coimisiún ar an eolas go bhfuil moill ar an meastóireacht mar gheall ar an ngá atá ag an údarás le staidéir bhreise chun an mheastóireacht a chur i gcrích maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh na substainte a chinneadh. Tá coinne ag an údarás inniúil meastóireachta leis go gcuirfidh sé an tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid na Gníomhaireachta sa dara ráithe de 2026.

(9) Dá bhrí sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dócha go rachaidh an formheas in éag sula mbeidh cinneadh déanta maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth arís go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Agus aird á tabhairt ar na teorainneacha ama le haghaidh meastóireacht ag an údarás inniúil meastóireachta, le haghaidh ullmhú agus cur isteach na tuairime ón nGníomhaireacht, agus an t-am a thógfaidh sé ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh sé athnuachan ar an bhformheas maidir le halfaclóralós lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2027.

(10) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth arís, tá alfaclóralós formheasta go fóill lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Dáta éaga an fhormheasa maidir le halfaclóralós lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2378, cuirtear ar atráth é go dtí an 31 Nollaig 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2378 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le halfaclóralós lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2378, 3.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2378/oj).